ACMHAINN 11

Bunaíodh Conradh na Náisiún i 1919, i ndiaidh an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Bhí an dóchas ann go mbeadh an eagraíocht idirnáisiúnta seo in ann an tsíocháin a choimeád trí go leor náisiún a thabhairt le chéile i meoin an chomhair. Cé nár éirigh leis ina chuspóir gach coinbhleacht dhomhanda a chosc, d'éirigh leis mar sin féin an comhar idirnáisiúnta a chothú i go leor réimsí, amhail cúnamh do dhídeanaithe.

I 1922, thug Conradh na Náisiún 'Pas Nansen' isteach. Tá sampla de le feiceáil anseo agat. Feicfidh tú na stampaí nó na víosaí a thug cead do dhídeanaí taisteal go tír eile. Cárta aitheantais agus doiciméad taistil é a thug aitheantas oifigiúil do dhídeanaithe agus do dhaoine gan stát, agus thug sé cead dóibh gluaiseacht gan bhac trasna teorainneacha náisiúnta. Is i ndiaidh Fridtjof Nansen, Ard-Choimisinéir an Chonradh do Dhídeanaithe, a ainmníodh an pas, agus rinne 52 rialtas pasanna den sórt sin a eisiúint.

Sa lá atá inniu ann, is doiciméid taistil do dhídeanaithe a bhíonn á n-eisiúint go neamhspleách ag tíortha éagsúla atá tagtha in ionad phasanna Nansen.

Abair le do chuid daltaí plé a bheith acu ar an gceist seo a leanas: ar cheart doiciméad idirnáisiúnta ar nós pas Nansen a thabhairt isteach arís sa lá atá inniu ann? An smaoineamh maith a bheadh ann? Cén fáth? Cén fáth nach ea?



Source: League of Nations Archives, Office of the United Nations, Geneva